Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024 (OR. en)**

**10460/24**

**Comhaid Idirinstitiúideacha: 2023/0038(NLE) 2023/0037(NLE)**

**RECH 257**
**COTRA 31**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6420/24 + ADD 1<br>6426/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ceanada, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais<br>- Glacadh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ceanada, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Meán Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ceanada maidir lena rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus maidir lena chomhlachas le Fís Eorpach [1].

[1] Cinneadh (AE) 2022/1526 ón gComhairle IO L 237-17, 14.9.2022.

2. Ag eascairt as conclúidí na caibidlíochta le Ceanada, thíolaic an Coimisiún an 9 Feabhra 2024 togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Ceanada, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais[2], mar aon le téacs an chomhaontaithe mar aguisín a ghabhann leis an togra, chomh maith le togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an gcomhaontú sin a thabhairt i gcrích[3].

3. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Thaighde an 23 Feabhra 2024 agus ag an gcruinniú a bhí ag Meitheal COTRA an 19 Márta 2024, thíolaic an Coimisiún a thograí agus scrúdaigh an dá mheitheal iad. Tháinig toscaireachtaí na Meithle um Thaighde ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe, lena n-áirítear téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích tar éis comhairliúchán i scríbhinn a tugadh chun críche an 5 Márta 2024.

4. Rinne na saineolaithe dlí agus teanga an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe, an comhaontú féin agus an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe in 7707/24, 7709/24 agus 7711/24 faoi seach, a fhíorú agus a thabhairt chun críche.

5. Iarrtar, dá réir sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- i gcuid 'A' de sheisiún a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach mar a leagtar amach in 7707/24 é a ghlacadh agus cinneadh a dhéanamh Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE;

- comhaontú i bprionsabal a sholáthar maidir leis an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe mar a leagtar amach in 7709/24 é agus a chinneadh é a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa le haghaidh toiliú, mar aon le téacs an chomhaontaithe mar a leagtar amach in 7711/24 é, tar éis an comhaontú a shíniú.

[2] 6426/24 + ADD1.
[3] 6420/24 + ADD1.

6. Foilseofar an cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach chomh maith le téacs an chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.